# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 19

## Oifig an Ombudsman

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an olltoradh buiséid maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.204 milliún faoi a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh I bhfeidhm na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta amach i gciorclán 20 de 2024, agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas sócmhainní caipitil***

Déantar dímheas réadmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Tá saolréanna úsáide agus rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta na móraicmí sócmhainní caipitil mar seo a leanas.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré fhóinteach* | *Ráta dímheasa/ amúchta* |
|---|---|---|
| Trealamh Oifige agus TF | 5 bliana | 20% |
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais (3 bliana) | 33% |
| Bogearraí a fuarthas / Bogearraí a forbraíodh | 5 bliana | 20% |

# Ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú ag Oifig an Ombudsman.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Stiúrthóir.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a choinneáil agus coimeádtar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) chun seirbhís chomhroinnte AD, airgeadais agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an NSSO go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear seirbhísí comhroinnte airgeadais, don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.
- rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig atá seachfhoinsithe go seachtrach, le pearsanra atá oilte go cuí. Oibríonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí faoi chairt a formheasadh i mí an Mhárta 2024. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i ndámhachtain na gconarthaí go léir agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chuir an Oifig sonraí de 3 chonradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas conradh amháin de bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh). Bhain an conradh, ar a raibh luach €31,500 (gan CBL san áireamh), le seirbhísí dlí ar agóid athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO). Bhí an Oifig páirteach i bpróiseas tairisceana a chuir painéal abhcóidí cuícháilithe i bhfeidhm. Bhí an ceapachán lasmuigh de phainéal seirbhísí dlí na hOifige. Cuireadh an dlíthíocht athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin i gcrích agus tá na híocaíochta go léir eisithe anois. Ba é an caiteachas iomlán faoin gconradh sin ná €59,250 (gan CBL san áireamh). Leantar san Oifig le feachtas chun aird a tharraingt ar na cainéil agus próisis sholáthair chuí ar mhaithe le hathatarlú a sheachaint.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht ann as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Fhoireann Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais stiúrtha ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2024 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Elaine Cassidy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

11 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur i láthair do Dháil Éireann

### Vóta 19 Oifig an Ombudsman
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Ombudsman agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Lúnasa 2025

## Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na nidirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)**

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, maidir leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

## Vóta 19 Oifig an Ombudsman

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas ar chláir** | | | | | |
| A | Feidhm Ombudsman/ Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí/Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta | | | | |
| | *Bunmhéid* | 9,716 | | | |
| | *Forlíontach* | (505) | | | |
| | | | 9,211 | 8,522 | 7,931 |
| B | An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,770 | | | |
| | *Forlíontach* | 229 | | | |
| | | | 1,999 | 1,785 | 1,537 |
| C | Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | | | | |
| | *Bunmhéid* | 3,495 | | | |
| | *Forlíontach* | 277 | | | |
| | | | 3,772 | 3,510 | 3,260 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 14,981 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **14,982** | **13,817** | **12,728** |
| *Bain as* | | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | **486** | **525** | **523** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunmhéid* | 14,495 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **14,496** | **13,292** | **12,205** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,203,885** | **1,216,389** |

**Elaine Cassidy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

11 Márta 2025

## Nótaí don Chuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 11,342 | 10,505 |
| Neamhphá | | 2,475 | 2,223 |
| **Ollchaiteachas** | | **13,817** | **12,728** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **525** | **523** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,292** | **12,205** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réamhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Dímheas | — | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (231) | | |
| Amúchadh | 100 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 14 | | |
| | | (117) | (218) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlan (dliteanais)/sócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 34 | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 1 | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 239 | | |
| | | 274 | 341 |
| **Caiteachas díreach** | | **13,449** | **12,328** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,679 | 4,759 |
| **Glanchostas cláir** | | **19,128** | **17,087** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara ná na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 19 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 41 | 40 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | 2,321 | 2,114 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,376 | 1,966 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 767 | 536 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 174 | 103 |
| | | **5,679** | **4,759** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní caipitil** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | — | — |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 586 | 500 |
| | | **586** | **500** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 194 | 386 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 2.3 | 528 | 562 |
| Ioncam fabhraithe | | 3 | 4 |
| Iarmhéideanna eile dochair | | 253 | 36 |
| | | **978** | **988** |
| **Lúide** | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | 2.4 | 541 | 302 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 419 | 403 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 28 | 19 |
| | | **988** | **724** |
| **Glan-(dliteanais)/sócmhainní reatha** | | **(10)** | **264** |
| **Glansócmhainní** | | **576** | **764** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.7 | **576** | **764** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh Oifige agus TF | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 528 | 528 |
| Breiseanna | — | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 528 | 528 |
| | | |
| **Dímheas carntha** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 528 | 528 |
| Dímheas don bhliain | — | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 528 | 528 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **—** | **—** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | — | — |

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 2,048 | 252 | 2,300 |
| Breiseanna | 3 | 228 | 231 |
| Aistrithe | 449 | (449) | — |
| Coigeartú [a] | — | (31) | (31) |
| Diúscairtí | (68) | — | (68) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 2,432 | — | 2,432 |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 1,800 | — | 1,800 |
| Amúchadh don bhliain | 100 | — | 100 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (54) | — | (54) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 1,846 | — | 1,846 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **586** | **—** | **586** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 248 | 252 | 500 |

Nóta [a] I ndiaidh athbhreithniú ar thogra a bhí á fhorbairt, measadh gur dímholadh an aighneacht theicniúil bhunaidh ag athruithe suntasacha sa teicneolaíocht. Scoradh den togra in Eanáir 2024.

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ceadúnais bogearraí | 301 | 392 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 227 | 170 |
| | **528** | **562** |

## 2.4 Costais fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla | 464 | — |
| Costais riaracháin | 77 | 302 |
| | **541** | **302** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 175 | 167 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 106 | 95 |
| CBL | 15 | 8 |
| Cáin iarchoimeádta seirbhísí gairmiúla | 33 | 45 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 37 | 34 |
| | 366 | 349 |
| **Fionraíocht** | | |
| Asbhaintí párolla ar fionraí | 37 | 36 |
| Míreanna fionraíochta creidmheasa eile | 16 | 18 |
| | 53 | 54 |
| | **419** | **403** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 1,204 | 1,216 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (1,176) | (1,197) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **28** | **19** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 194 | 386 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraíocht | 253 | 36 |
| | 447 | 422 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (366) | (349) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraíocht | (53) | (54) |
| | (419) | (403) |
| | **28** | **19** |

## 2.7 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 764 | 894 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 14,496 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,204) | | |
| Glanvóta | | | 13,292 | 12,205 |
| Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile | 1.1 | | 5,679 | 4,759 |
| Earraí neamhairgid | | | | |
| Sócmhainn doláimhsithe faoi choigeartú forbartha[a] | 2.2 | | (31) | (7) |
| Glanchostas cláir | 1 | | (19,128) | (17,087) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **576** | **764** |

Nóta [a] Baineann an coigeartú sin le togra a cuireadh ar scor i ndiaidh athbhreithnithe mar dímholadh an aighneacht theicniúil bhunaidh ag athruithe suntasacha sa teicneolaíocht. Scoradh den togra in Eanáir 2024.

## 2.8 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2024** | **2023[a]** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | — | — |
| Tograí agus cláir chaipitil | — | — |
| **Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe de réir dlí** | — | — |

Nóta [a] In 2024, méadaíodh tairseach na gconarthaí go €50,000. Athshonraíodh na figiúirí 2023 de réir an athraithe sin. Anuas air sin, baineadh conarthaí gan aon cheanglas infhorfheidhmithe le dlí. Ní chomhlíonann aon chonradh na critéir le bheith curtha san áireamh in 2023 nó in 2024.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh bliana | — | 52 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig ag fanacht ar sé chás achomhairc reachtúla/athbhreithnithe breithiúnaigh a chur chun críche sa chás gur ordaíodh costais dhlíthiúla in aghaidh na hOifige. Ní féidir an dliteanas féideartha a bhaineann le haon cheann de na socrúcháin a mheas roimh ré i dtaca leis na héilimh ar chostais dhlíthiúla ar dháta na ráiteas airgeadais.

Anuas air sin, tá baint ag an Oifig le roinnt imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid nó uainiú iarbhír dliteanais ionchasacha éiginnte.

## 2.11 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua de chuid an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú cistiúcháin an Stáit.

| | **2024** |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla [a] | (349) |
| Fabhrú saoire [a] | (115) |
| | **(464)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Ghearrthéarmacha Fostaí

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Olltoradh | Toradh athshonraithe[a] |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá, pinsin agus liúntais | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 12,446 | | | | |
| | *Forlíontach* | (420) | | | | |
| | | | 12,026 | | 11,342 | 10,505 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 50 | | | | |
| | *Forlíontach* | (10) | | | | |
| | | | 40 | | 24 | 20 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 175 | | | | |
| | *Forlíontach* | (30) | | | | |
| | | | 145 | | 114 | 127 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil | | 350 | | 296 | 377 |
| v | Caipiteal digiteach, infheistíocht agus speansais TF | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,250 | | | | |
| | *Forlíontach* | (200) | | | | |
| | | | 1,050 | | 1,024 | 988 |
| vi | Speansais áitribh | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 200 | | | | |
| | *Forlíontach* | (40) | | | | |
| | | | 160 | | 100 | 137 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 10 | | | | |
| | *Forlíontach* | (10) | | | | |
| | | | — | | — | — |
| viii | Táillí dlí | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 500 | | | | |
| | *Forlíontach* | 711 | | | | |
| | | | 1,211 | | 917 | 574 |
| | | | **14,982** | | **13,817** | **12,728** |

Nóta [a] Athraíodh an anailís ar fhotheidil riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fotheidil riaracháin ar fud cuntas arna vótáil a nua-aoisiú. Leasaíodh figiúirí comparáideacha 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach sa nóta seo na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**vi Speansais áitribh**

*Soláthar measta €200,000; olltoradh €100,000*

Tá na coigiltis de €100,000 ann de bharr costais fuinnimh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo agus coigiltis a baineadh amach de bharr athrú sa sceideal glantacháin.

**viii Táillí dlí**

*Soláthar measta €500,000; olltoradh €917,000*

Bhí an barrachas €417,000 ann de bharr costais dhlíthiúla agus socrúcháin a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag tnúth leo a bhí dlite ag deireadh 2024 faoi chláir B agus C. Toisc a nádúr, tá sé deacair am agus méid na socrúchán dlíthiúil a mheas. Ceadaíodh forlíonadh teicniúil chun cistí a athleithdháileadh ó fhotheideal pá agus neamhphá chun an costas a comhlíonadh.

## Clár A Feidhm Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí/Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 8,257 | | | |
| | *Forlíontach* | (300) | | | |
| | | | 7,957 | 7,463 | 6,896 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,459 | | | |
| | *Forlíontach* | (205) | | | |
| | | | 1,254 | 1,059 | 1,035 |
| | | | **9,211** | **8,522** | **7,931** |

## Clár B An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 1,267 | 1,231 | 1,052 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 503 | | | |
| | *Forlíontach* | 229 | | | |
| | | | 732 | 554 | 485 |
| | | | **1,999** | **1,785** | **1,537** |

## Clár C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,922 | | | |
| | *Forlíontach* | (120) | | | |
| | | | 2,802 | 2,648 | 2,557 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 573 | | | |
| | *Forlíontach* | 397 | | | |
| | | | 970 | 862 | 703 |
| | | | **3,772** | **3,510** | **3,260** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Leithreasú i gcabhair | 50 | 48 | 40 |
| 2 | Fíneálacha íocaíochta seasta faoi alt 21 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 | 75 | 79 | 79 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 360 | 393 | 368 |
| 4 | Ilghnéitheach | 1 | 5 | 36 |
| | | **486** | **525** | **523** |

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh bliana | **153** | **148** |

### 5.2 Pá

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 10,360 | 9,607 |
| Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise | 30 | 32 |
| Ragobair | 14 | 12 |
| ÁSPC an fhostóra | 938 | 854 |
| **Pá iomlán** | **11,342** | **10,505** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí € 10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise | 5 | 1 | 10,398 | 9,678 |
| Ragobair | 9 | — | 7,115 | 7,226 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | 1 | 12,164 | 12,179 |

### 5.4 Bandaí pá fostaithe na hOifige

Seo a leanas líon na bhfostaithe Oifige ar thit a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 aníos.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Chuig | 2024 | 2023 |
| 20,000 | 59,999 | 81 | 85 |
| 60,000 | 69,999 | 13 | 14 |
| 70,000 | 79,999 | 14 | 22 |
| 80,000 | 89,999 | 22 | 15 |
| 90,000 | 99,999 | 12 | 12 |
| 100,000 | 109,999 | 10 | 1 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 3 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | — | 1 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |
| 210,000 | 219,999 | — | 1 |
| 220,000 | 229,999 | 1 | — |

### 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | 184 | 176 |

Tá tuarastal an Oifigigh Chuntasaíochta ag grád Rúnaí Cúnta.

Ní áirítear thuas luach na sochar a tuilleadh sa tréimhse. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim aoisliúntais i ndiaidh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe, agus ní théann a teidlíocht ar shochair phinsin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

### 5.6 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh ar bhonn táille seisear státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean seirbhíse sibhialta, ar chostas iomlán €13,229. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Sheirbhís Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

### 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí | 13 | 19,203 | 40,349 |
| Pleananna téarnaimh i bhfeidhm | 3 | 5,433 | 15,406 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dhlíthiúla

**Íocaíochtaí/costais arna n-íoc ag an Oifig sa bhliain**

Maidir le hagóidí dlí reachtúla, achomhairc, athbhreithnithe breithiúnacha, ionchúisimh agus imeachtaí dlíthiúla eile nach mbaineann le héilimh ó fhostaithe nó ó bhaill den phobal.

| | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| Líon na gcásanna | 28 | 30 |
| | **€000** | **€000** |
| Costais dhlíthiúla na hOifige féin | 463 | 325 |
| Íocaíochtaí chuig/thar ceann na hOifige | | |
| Cúiteamh | 27 | — |
| Costais dhlíthiúla | 427 | 242 |
| Costais eile | — | — |
| **Iomlán** | **917** | **567** |

**Costais charnacha cásanna a cuireadh i gcrích in 2024**

Maidir le hagóidí dlí reachtúla, achomhairc, athbhreithnithe breithiúnacha, ionchúisimh agus imeachtaí dlíthiúla eile nach mbaineann le héilimh ó fhostaithe nó ó bhaill den phobal.

| | |
|---|---:|
| Líon na gcásanna | 16 |
| | **€000** |
| Costais dhlíthiúla na hOifige féin | 579 |
| Íocaíochtaí chuig/thar ceann na hOifige | |
| Cúiteamh | 27 |
| Costais dhlíthiúla | 489 |
| Costais eile | — |
| **Iomlán** | **1,095** |